University College Dublin
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ireland's Global University



# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Uachtarán

Eolas d'iarrthóirí ar oifig Uachtarán UCD



Perrett Laver
AMERICAS ASIA PACIFIC EMEA

# Fáilte
## ó Chathaoirleach an Údaráis Rialaithe



Ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, táimid mórtasach as rannchuidiú a dhéanamh don tsochaí tríd an oideachas agus an fhorbairt iomlánaíoch a dhéanaimid dár mic léinn agus tríd an tionchar atá ag léann, oilteacht agus taighde ár ndámh. Déanaimid ár ndícheall ceannaireacht a léiriú i ngach ceann de na luachanna seo a leanas; ag cothú barr feabhais agus cruthaitheachta, ag tacú le hionracas agus ilchineálacht, agus ag spreagadh comhghleacaíochta agus comhpháirteachais.

Ag dul siar chomh fada le 1854, tá an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath tar éis ról riachtanach a bheith aige i bhforbairt na hÉireann. Sa lá atá inniu ann is sinn an ollscoil is mó sa tír le 38,000 mac léinn, láimhdeachas bliantúil de €566 milliún agus gradaim taighde bhliantúla dar luach €132 milliún. Léiríonn an scála sin ár n-aimsiú domhanda, ár raon leathan disciplíní agus ár ndearcadh oscailte agus uaillmhianach.

Rachaidh an tUachtarán nua i mbun oifige ag am spreagúil. Bíonn fuinneamh agus tiomantas ag ár mic léinn agus ag an bpobal níos leithne agus sinn ag iarraidh difríocht a dhéanamh agus ról ag a bhfuil tionchar aige a imirt ar dhul i ngleic le dúshláin dhomhanda. Cuirfidh an chéad Uachtarán eile an fuinneamh sin chun tairbhe leis an gcéad ghlúin eile a spreagadh agus a ghríosú chun éachtaí iontacha a bhaint amach.

Tá cáil ar UCD mar an chéad rogha do mhic léinn idirnáisiúnta atá ag déanamh staidéir in Éirinn mar aon leis an méid is mó iarratais náisiúnta á dtabhairt isteach tríd an lárchóras iontrála. Chun freastal don éileamh sin, leathnaigh an Ollscoil uimhir na mac léinn ag leibhéil fhochéime agus iarchéime agus tá timpeallacht bhríomhar ar champas dá bharr.

Níl sárú ar raon dhisciplíní UCD le fáil in Éirinn. Ón tréidliacht agus an talmhaíocht go dtí an eolaíocht sonraí agus an spástaiscéalaíocht, ón litríocht agus léann an chultúir go bithchórais agus fuinneamh, aithnítear an taighde a dhéanaimid ar fud an domhain.

Chomh maith leis an stádas náisiúnta atá againn, cuireann UCD béim láidir ar ár n-aimsiú domhanda agus ár comhpháirteachas sa taighde i gcomhar, inár dteagasc agus ár gcláir mhalartaithe. Tá lárionaid dhomhanda ag an Ollscoil i SAM, sa tSín, san India, sa Mhalaeisia agus sa Mheánoirthear agus is ball gníomhach í de roinnt líonra próifíle lena n-áirítear Una Europa, Universitas 21, UNICA, agus Comhlachas Idirnáisiúnta na nOllscoileanna (IAU).

Tá níos mó ná 300,000 alumnas thar 184 tír i bpobal UCD. Is ceannairí náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimsí an ghnó, an tionscail, an chultúir, na sochaí agus an rialtais iad ár gcéimithe. Agus sinn ag déanamh forbairt cheannródaíoch ar mhaithe Ollscoil do CHÁCH a bhaint amach, déanann UCD mic léinn ó chúlraí éagsúla agus neamhthraidisiúnta a phríomhshruthú ionas go mbraitheann gach mac léinn go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil siad ina mball luachmhar fad is atá siad linn, agus go mbeidh siad ina n-ambasadóirí agus ina seaimpíní nuair a bhaineann siad an chéim amach.

Chun an ollscoil iontach seo a thabhairt isteach sa todhchaí beidh na huaillmhianta seo a leanas ag an gcéad Uachtarán eile: barr feabhais agus éifeacht, caighdeáin a leagadh amach chun oideachas den scoth na mac léinn a bhaint amach, ár bhfeidhmíocht taighde a láidriú agus tógáil ar ár gcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Marie O'Connor**

Cathaoirleach an Údarás Rialaithe UCD

# Eolas faoi UCD

## Ag dul siar chomh fada le 1854

agus an t-oideachasóir clúiteach **Naomh John Henry Newman** mar an Reachtaire bunaidh

EU

**An Ollscoil is mó san AE**

a labhrann Béarla

Ioncam taighde bliantúil dar luach

**€131.9m**

in 2020/21

Rangaithe laistigh den

**1% is Airde**

de na hinstitiúidí ardoideachais is fearr ar domhan

**37,894**

mac léinn

**9,462**

a thaistealaíonn go Baile Átha Cliath ó gach cearn den domhan

**Os cionn 3,900**

dámh agus foireann cumasach

**4,573**

a dhéanann staidéar in oibríochtaí thar lear

**133 Heictéar**

de champas fearainn páirce nua-aimseartha

€€€€€
€€€€€

Láimhdeachas bliantúil dar luach

**€566 milliún**

**Uimh.1**

**in Éirinn don Nuálaíocht, Aistriú agus tráchtálaíocht Teicneolaíochta:**

Os cionn €1bn i Maoiniú cothromais Bailithe ag Mac-chuideachtaí agus Cuideachtaí Altrama UCD in NovaUCD

## Ollscoil Dhomhanda na hÉireann

**37%** foireann idirnáisiúnta, **560** institiúid chomhpháirtíochta, **152** náisiúntacht i measc na mac léinn, **5** lárionad domhanda agus **3** chomhcholáiste idirnáisiúnta sa tSín

**Líonraí ar Fud an Domhain:**

Una Europa, WUN, Universitas 21, Erasmus, UNICA, EUA

**Príomhscoil Ghnó na hÉireann:**

Rangaithe go hard agus creidiúnaithe faoi thrí

Líonra domhanda de
**304,426 alumnas**
ar fud 184 tír

**Ceannaire i Rannpháirtíocht atá ag Leathnú:**

**35%**

de mhic léinn fochéime ó chohórt faoi ghannionadaíocht

Seirbhís gairmeacha, a bhfuil duaiseanna buaite aici, agus

**Rangaithe sa chéad áit**

in Éirinn d'infhostaitheacht iarchéime (QS)

**167,171 méadar cearnach**

d'áiseanna eolaíochta, innealtóireachta agus nuálaíochta

**Sa 22ú áit**

sa Rangú ar thionchar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

Thart ar

**1,900,00**

cuairt bhliantúil go saoráidí leabharlainne

Is é ár misean tacú le rath Bhaile Átha Cliath, Éireann, na hEorpa agus an domhain trí bharr feabhais agus tionchar ár dtaighde agus scoláireacht, trí chaighdeán ár gcéimithe agus trínár gcomhpháirteachas náisiúnta agus domhanda. Ar an mbealach sin, cuireann sé pobal tacúil ar fáil ina gcuirtear ar chumas gach ball den Ollscoil barr a gcumais a bhaint amach.

## Is iad seo a leanas na manaí atá againn


***Ad astra*** *'i dtreo na réaltaí'* a fhreagraíonn don tiomantas atá againn d'éachtaí agus do rath a bhaint amach.

***Cothrom na féinne*** a léiríonn ár dtiomantas do cheartas agus comhionannas.

## Is iad seo a leanas ár luachanna

- ***barr feabhais***
- ***cruthaitheacht***
- ***ionracas***
- ***comhghleacaíocht***
- ***comhpháirteachas***
- ***éagsúlacht***






# Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

## Taighde agus Nuálaíocht ar Scála Domhanda

Is scéal éagsúlachta agus scéal domhain é scéal taighde agus nuálaíochta UCD. Cuimsítear raon leathan disciplín inár bpobal acadúil, agus tiomáineann tóraíocht, dúthracht agus comhroinnt an eolais é.

Soilsíonn saineolas ár dtaighdeoirí, ó scoláirí aonair iontacha go ceannairí i bhfoirne ilgheallsealbhóra móra, an t-oideachas a chuirimid ar fáil. Tógann an saineolas sin ar cháil na hollscoile agus tacaíonn sé le sochaí agus geilleagar bríomhar.

Cuireann ár dtaighdeoirí le dul chun cinn i dtuiscint an chultúir agus déanann siad eolas don phlé náisiúnta ar fhadhbanna amhail tithíocht shóisialta agus meabhairshláinte san óige.  I dtéarmaí tionchair dhomhanda, déanann siad taiscéalaíocht ar an domhan fisiciúil ó cháithníní fo-adamhacha go réaltraí i bhfad i gcéin. Cuireann siad ar ár gcumas dul chun cinn a dhéanamh i dtalmhaíocht inbhuanaithe, fuinneamh in-athnuaite agus ardmhonarú. Cuireann siad teicneolaíochtaí digiteacha nua i bhfeidhm chun nuálaíocht a chruthú i réimsí amhail ríomhaireacht chandamach agus leigheas pearsantaithe, agus inár dtuiscint ar ár sochaí agus ár stair.

Bhí luach €131.9m thar 752 conradh ar dhuaiseanna taighde a rinneadh maoiniú orthu go seachtrach agus a rinneadh clárú orthu i rith 2020/21. Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) príomhfhoinse an mhaoinithe taighde seo, chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach, An Chomhairle um Thaighde in Éirinn, Fiontraíocht Éireann, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus páirtithe tionscail éagsúla.

Tá UCD tiomnaithe d'éiceachóras malartaithe nuálaíochta agus eolais na hÉireann le méid na mac-chuideachtaí agus an tsíolchistithe ag dul i méid i gcónaí.

## Foilseacháin Taighde

Tá mionsonraí ar na foilseacháin taighde ar fad ar fáil ar líne ag www.ucd.ie/research/publications

## Tionchar na bhFoilseachán

In 2020, tháirg UCD 5,877 páipéar, 4,281 díobh siúd atá liostáilte in Elseveir SciVal: Is mó fós líon na bhfoilseachán acadúil sa tír seo atá curtha i gcrích ag UCD. Le cúig bliana anuas, bhí tionchar luanna ualaithe réimse UCD 72% os cionn mheán an domhain.

Tá lorg coise leathan i gcomhoibriú taighde ag UCD. Léirítear é seo trí chomhoibriú ar fhoilseacháin taighde le taighdeoirí atá bunaithe in 153 tír agus réigiún. Tá comhúdair idirnáisiúnta ag beagnach 60% dár bhfoilseacháin taighde, agus tá 5.7% d'fhoilseacháin a bhfuil comhoibriú le tionscail ag baint leo.

## Dearcadh na todhchaí

Tá cuspóir leagtha amach ag UCD chun cáilíocht, méid agus tionchar ár dtaighde, ár scoláireachta agus ár nuálaíochta a mhéadú.

Chun an cuspóir seo a chur i gcrích, cuirfidh UCD béim ar bharr feabhais agus tionchar i ngach réimse den taighde agus nuálaíocht, á chur gcrích ar scála a ligfidh dúinn difríocht a dhéanamh i réimsí a bhfuil tábhacht náisiúnta agus dhomhanda acu. Déanfar é seo a chur i gcrích trí infheistiú a dhéanamh inár ndaoine agus cultúr agus timpeallacht a sholáthar a thacóidh leo barr a gcumais agus a n-uaillmhianta a bhaint amach.



# Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

## Rannchuidiú Cuimsitheach mar Fhreagra ar COVID-19

Bhí rannchuidiú phobal UCD i bhfreagra na hÉireann ar phaindéim COVID-19 ar fheabhas i leith an scála, caighdeáin agus tionchair a bhain leis. Is iad seo a leanas rogha bheag den mhéid mhór togra, forbairt agus staidéar taighde a bhí ann:

**Tástáil agus Seicheamhacht:** Bunaíodh **Saotharlann Náisiúnta Tagartha Víris UCD (SNTV)** in 1963 agus is í an tsaotharlann víreolaíochta leighis is mó sa tír í. Is é Stiúrthóir na Saotharlainne a bhí ina chathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach Saineolaithe maidir le Covid-19 chuig an bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET). Rinne sé maoirseacht ar an gcóras tástála SARS-CoV-2 sa tsaotharlann náisiúnta agus ar an nginiúint d'os cionn 4,000 seicheamh víreasach. Chuaigh sé chun tosaigh freisin ar athraitheacha víriseacha nua a aithint.

**An Líonra Tástála Vacsaíne:** Is é UCD an comhordaitheoir náisiúnta in VACCELERATE, líonra ar fud an AE chun tástáil vacsaíní COVID-19 a luasghéarú. Seachas paindéim Covid-19, beidh VACCELERATE mar líonra bunaithe d'ullmhacht phaindéimeach, réidh le haghaidh a thabhairt ar phaindéima thiocfaidh chun cinn amach anseo agus cruthóidh sé struchtúir chun iarrthóirí vacsaíne nua a thástáil go tapa agus go héifeachtach.

**Trialacha Cliniciúla:** Is é Stiúrthóir Líonra um Thrialacha Cliniciúla Cúraim Chriticiúil na hÉireann, líonra a ritheann trialacha cliniciúla in Aonaid Dhianchúraim na hÉireann, a bhí i gceannas ar na trialacha cliniciúla. Is triail dhomhanda é REMAP a rialaíonn agus a dhéanann uasdátú leanúnach ar an gcóireáil optamach do niúmóine arna tholgadh sa phobal. Chuir REMAP-CAP réimsí trialacha eile lena chúram chun freagairt go tapa do COVID-19; D'aimsigh REMAP-CAP trí chóireáil fíoréifeachtach agus sábháilte a laghdaigh bás agus cliseadh orgáin in othair COVID-19 a bhí breoite go dona agus, chomh tábhachtach céanna, sé chóireáil nár fheabhsaigh torthaí. Scrúdaigh sé éifeachtacht dheich gcóireáil COVID-19 eile agus d'ullmhaigh sé don fhliú séasúrach agus paindéimeach amach anseo. Cabhraíonn na torthaí seo saolta a shábháil agus cúram othar le COVID-19 in aonaid dhianchúraim a bharrfheabhsú go leanúnach.

**Tráchtaireacht ó Shaineolaithe:** Chabhraigh léargas agus anailís ó acadóirí agus foireann taighde UCD comhthéacs a thabhairt agus oideachas a chur ar an bpobal i rith mórán tréimhse den phaindéim. Roinneadh raon leathan dearcadh ón Oideachas, Fealsúnacht, Pleanáil Uirbeach agus Dlí Bunreachtúil chomh maith leis an Leigheas, Sláinte Phoiblí, Eolaíocht agus Víreolaíocht Bhithmhóilínigh agus Bhithleighis ar na cainéil náisiúnta chraoltóireachta, fhoilsitheoireachta agus ar líne chomh maith le foilsitheoireacht i bpríomhirisleabhair agus i bhfoilseacháin speisialithe.




# Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Níl sárú in Éirinn ar an réimse ábhar agus saineolais atá ar fáil in UCD. Rud a thacaíonn le cumas na mac léinn tairbhe a bhaint as an láidreacht seo ná curaclam i bhfoirm modúl agus trimeastair agus eispéireas oideachais iomlánaíoch, rud a spreagann mian agus cumas na mac léinn foghlaim agus cruthú, ceistiú agus réasúnú, a bheith nuálach agus iniúchadh a dhéanamh, agus cuir leis an tsochaí ag gach leibhéal.

Creidimid gur cheart do scoláireacht agus taighde eolas a dhéanamh d'oideachas ollscoile agus, mar ollscoil atá dian ar an taighde, teastaíonn uainn an t-eolas agus fionnachtain is déanaí ónár ndámh a roinnt lenár mic léinn.

Cothaímid cultúr a fheabhsaíonn teagasc agus foghlaim go leanúnach, tacaímid leis an bhfoireann chun teagasc cuimsitheach, nuálaíoch, bunaithe ar thaighde a chur ar fáil trí acmhainní teagaisc fairsinge a sholáthar chomh maith le teagasc ollscoile proifisiúnta. D'fhreagair ár mic léinn den eispéireas foghlama tarraingteach fiúntach trí 2,867 ainmniúchán a chur isteach le haghaidh Dhuaiseanna Teagaisc agus Foghlama na hOllscoile is déanaí.

Tá ár gcórais agus ár n-ardáin faoi athbhreithniú leanúnach ionas gur féidir linn na seirbhísí oideolaíocha is fearr a thabhairt dár mic léinn.

Leis na srianta sláinte phoiblí a tugadh isteach i rith phaindéim COVID-19, bhí orainn dul in oiriúint don tslí a dhéanaimid teagasc, foghlaim agus measúnú. Léirigh sé freisin an tábhacht a bhí leis an eispéireas ar an láthair dár mic léinn agus sinn ag iarraidh tacú leo siúd a bhrath aonrú, leo siúd a bhí ag dul i ngleic le fadhbanna meabhairshláinte agus leo siúd a bhí ag dul i ngleic le cailliúint a bhfolláine. Threisigh na nithe sin ár dtiomantas chuig eispéireas na mac léinn ar champas agus chuig oideachas iomlánaíoch a chur ar fáil.

Tacaíonn foireann phroifisiúnta agus líonra de phiarmheantóirí a dhíríonn ar fhochéimithe sa chéad bhliain leis an gcúram tréadach a thugtar dár mic léinn.

Aithníonn fostóirí caighdeán ár gcéimithe agus comhpháirteachas domhain Líonra Gairmeacha UCD lenár mic léinn agus le fostóirí: Bhí UCD sa chéad áit in Éirinn i Rangú ar Infhostaitheacht Iarchéime QS gach bliain ó 2018.

Tá UCD fós mar rogha na hollscoile do mhic léinn idirnáisiúnta atá ag déanamh staidéir in Éirinn, agus líon na n-iarratais ó fhochéimithe intíre is mó á fháil aige freisin. Bhí méadú de 40% san Ollscoil i líon na mac léinn ag leibhéal na hiarchéime le cúig bliana anuas: in 2021/22 bhí 12,871 mac léinn iarchéime cuimsithe sa phobal iarchéime, 1,853 díobh a bhí ina mac léinn PhD.

# Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

## Campas spóirt thar barr

Tá clubanna spóirt UCD ag croílár spórt na mac léinn san Ollscoil agus tá rogha de bheagnach 60 díobh ann, ó spórt foirne, spórt eachtraíochta, spórt uisce, go healaíona comhraic. Cé gur gné de mhórán spórt in UCD é an t-iomaíochas, freastalaíonn clubanna ar mhic léinn nach dteastaíonn uathu bheith in iomaíocht, ach ar mhaith leo traenáil a dhéanamh i spórt ar leith ar mhaithe le buntáistí sláinte agus folláine a fháil.

Osclóidh UCD saoráid lúthchleasaíochta nua go luath le raon sintéiseach ocht-lána 400m - creidiúnaithe ag IAAF - agus limistéar ionad láir féir don lúthchleasaíocht agus raon spórt páirce. Cuirfidh sé sin feabhas leis na háiseanna spóirt atá ann anois, lena n-áirítear linn snámha Oilimpeach 50m, giomnáisiam úrscothach, go leor páirceanna agus áiseanna spóirt páirce, an staid náisiúnta haca agus Babhla UCD, láthair traenála Club Peile UCD.

## Dearcadh na todhchaí

Táimid bródúil as cumas soiléir UCD eispéireas oideachasúil fairsinge agus domhain a chur ar fáil do mhic léinn, agus táimid ag cruthú slite nua críocha na n-ábhar a shárú dár mic léinn agus dár ndámh, ionas nach bhfoghlaimítear eolas ach go dtugtar isteach é i bpróiseas gníomhach agus fiosrach. Tá gá domhanda le saoránaigh oilte fiosrach a bhfuil muinín agus eolas acu ar conas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Agus sinn ag dul chun cinn, ag teacht lenár luachanna, cuirimid na ceithre ghníomhcheantar seo a leanas in ord tosaíochta: Eispéireas oideachasúil bunaithe ar mhic léinn; Comhpháirteachas, éagsúlacht agus sláinte na mac léinn; Oideachas a thugann le chéile, a spreagann agus a bhunathraíonn chun feabhais; agus oideachas a fheabhsaítear leis an Teicneolaíocht - ionas go bhfuil ar chumas ár gcéimithe ceistiú, fadhbanna a réiteach agus a bheith nuálach agus comhoibriú, rud a chinnteoidh go bhfuil siad ullamh oibriú ar fud an domhain agus cur leis an tsochaí.

## Rannpháirtíocht a Leathnú: Ollscoil do Chách

Le deich mbliana anuas, tá an cur chuige i leith rochtana agus cuimsithe athmhúnlaithe agus athshamhlaithe ag Ionad don Rochtain agus don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil UCD. Ligeann sé sin do UCD cur chuige ceannródaíoch a thógáil i leith fhorbairt Ollscoil do Chách - cur chuige príomhshruthaithe a thógfar ar fud na hinstitiúide bunaithe ar fhianaise ionas go mbraithfidh mic léinn go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil ról acu san ollscoil agus go bhfuil meas orthu. Is freagra uathúil é Ollscoil do Chách ar pholasaí rochtana náisiúnta, polasaí a shamhlaíonn go léireofaí éagsúlacht dhaonra na hÉireann i ndaonra na mac léinn. Mar bhonn ar an bhfealsúnacht 'mac léinn is ea mac léinn', bogann an cur chuige Ollscoil do Chách an rochtain agus an cuimsiú ón imeall chuig an bpríomhshruth, agus feictear air anois mar ghnó gach duine.




Is iad seo a leanas treoirphrionsabal UCD i leith Ollscoil do Chách:

- Tá an fhreagracht ar phobal iomlán na hollscoile cuimsiú a phríomhshruthú.
- Tá an ceart ag gach duine rannpháirtíocht chothrom agus comhpháirteachas cothrom a bheith acu san ardoideachas.
- Ba cheart éagsúlacht dhaonra na hÉireann a fheiceáil sa tslí a théann mic léinn isteach san ardoideachas, sa tslí a ghlacann siad páirt ann agus sa tslí a chríochnaíonn siad é.
- Ba cheart do gach mac léinn rochtain a bheith acu ar an ardoideachas agus an chomhdheis a bheith acu dul ar aghaidh agus éirí leo san Ollscoil agus ina diaidh.
- Rachaimid i ngleic le gach geallsealbhóir - mic léinn, an dámh, an fhoireann, cleachtóirí, páirtithe sa phobal, oideachasóirí, taighdeoirí agus an lucht déanta beartas.
- Creidimid go sroichtear barr feabhais trí éagsúlacht.



# Ollscoil Dhomhanda na hÉireann - Comhpháirteachas Domhanda in UCD

Tá an comhpháirteachas domhanda ar cheann de shaintréithe UCD agus tá an-rath bainte amach aige sa réimse sin. Tá sé mar dhlúthchuid de shaol iomlán na hOllscoile, ag múnlú eispéireas na mac léinn agus na foirne, agus cuireann sé le léargas domhanda phobal UCD.

Ar champais Bhaile Átha Cliath UCD, tá 9,462 mac léinn idirnáisiúnta ó 152 tír éagsúil cláraithe linn, rud a chuireann le héagsúlacht phobal UCD. Is foireann idirnáisiúnta é 37% d'fhoireann UCD.

Tá cúig lárionad domhanda ag UCD i SAM, sa Mhalaeisia, sa tSín, san India agus san AEA, agus tá trí Chomhcholáiste Idirnáisiúnta sa tSín againn anois, le 2,091 mac léinn cláraithe iontu.

Chuir UCD a céad Fhóram Comhpháirtíochta Domhanda ar siúl in 2021, agus ritheadh ar ardán digiteach é. Bhuail an Ollscoil le 230 páirtí in 32 tír tríd an bhfóram sin; sampla ionadaíoch maith den 560 comhpháirtí gníomhach atá ag UCD in 61 tír.

Áirítear, i measc deiseanna eile, an clár NICE, an clár Saoránach Domhanda Faoi 21, Micrea-intéirneachtaí Inbhuanaithe Faoi 21, RISE Faoi 21, i ndeiseanna soghluaisteachta amach trí líonra domhanda UCD.

Tá an clár oibre deonaí agus saoránachta domhanda, Saorálaithe COBÁC Thar Lear, tar éis a bheith ag fás ó 2003 le hos cionn 500 mac léinn ag oibriú go deonaach i ngach bliain thipiciúil. Cuireadh tograí sláinte agus oideachais agus tograí slí beatha i bhfeidhm san India, sa Tansáin agus in Uganda.

Tá Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD tar éis a raon a leathnú, le modúil roghnacha agus leibhéil theanga bhreise (m.sh. an Araibis, an Chóiréis agus an Phortaingéilis) ina réimse modúil, chomh maith le Clár Conair Idirnáisiúnta atá ag feabhsú agus ag fás.

Leanann Gaeltacht UCD de bheith ag cur teanga agus cultúr na Gaeilge chun cinn, trí chúrsaí do mhic léinn agus don fhoireann agus ceardlanna Cultúr na Céadaoine, chomh maith leis an eispéireas cónaithe tumthach ar champas Teach na Gaeilge.

Chabhraigh na forbairtí seo le hé a chur ar chumas ball de phobal éagsúil UCD a gcuid mianta comhpháirteachais dhomhanda a bhaint amach.

# Ollscoil Dhomhanda na hÉireann - Comhpháirteachas Domhanda in UCD

## Dearcadh na Todhchaí

Díreofar ar dhá phríomhchuspóir; Eispéireas Domhanda do Chách a bhaint amach ar an gcéad dul síos, agus ar an dara dul síos Tionchar Domhanda UCD a chur ar taispeáint, ag tarraingt ar thraidisiún láidir náisiúnta na Scéalaíochta.

Ar mhaithe leis an Eispéireas Domhanda do Chách a bhaint amach, déanaimid na nithe seo a leanas:

- Timpeallacht imeasctha ilchultúrtha agus saoránacht dhomhanda a chothú.
- Cumas a neartú maidir le sibhialtachtaí agus teangacha domhanda, agus dul i ngleic le dúshláin na sochaí.
- Mic léinn, comhaltaí teagaisc agus an fhoireann a chumasú agus a spreagadh chun taithí dhomhanda a fháil in Éirinn agus thar lear.
- Oideachas agus léann domhanda a chur chun cinn.

Chun ár dTionchar Domhanda a léiriú, déanaimid na nithe seo a leanas:

- Ár scéal domhanda a insint agus aimsiú agus tionchar domhanda UCD á gcur ar taispeáint.
- Ár straitéis um chumarsáid dhomhanda agus aimsiú a chur chun cinn chun cur le hinfheictheacht UCD, rud a leagfaidh béim ar chultúr na hÉireann agus a chuirfidh lenár gcáil idirnáisiúnta.
- Deiseanna comhthairbheacha a aithint agus a chumasú chun an teagasc, an taighde agus an nuálaíocht a chur chun cinn le comhpháirtithe agus comhoibrithe domhanda UCD.
- Líonra domhanda agus pobal alumni UCD a chothú chun tacaíocht a thabhairt dá chomhpháirteachas domhanda.





# Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gceiliúrtar an éagsúlacht agus caitear le gach duine go cothrom, beag beann ar inscne, aois, cine, míchumas, bunús eitneach, creideamh, claonadh gnéis, stádas sibhialta, stádas clainne, nó bheith mar dhuine den lucht taistil. Aithníonn UCD na dúshláin atá roimhe agus tá sé fíorthiomanta do chomhionannas deiseanna a chruthú dár bhfoireann agus dár mic léinn, agus do thimpeallacht oibre agus staidéir ionchuimsitheach a chur chun cinn agus a chaomhnú i slí a chinnteoidh cóimheas agus dínit. Tá sé tiomanta go hiomlán d'oibleagáidí a eascraíonn ó reachtaíocht reatha a chomhlíonadh agus a shárú trí níos móa dhéanamh ná mar atáimid faoi oibleagáid ag an dlí a dhéanamh.

## Athbhreithniú ar an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá sé riachtanach prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a dhaingniú san Ollscoil le go n-éireoidh leis an Sprioc Straitéiseach "cohórt mac léinn, dáimhe agus foirne iontacha agus éagsúla a mhealladh agus a choimeád" as gach cearn den domhan. Baineann cur chun cinn an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe (CÉC) le gach duine againn agus is é freagracht na mball inár bpobal é freisin. Leis sin, cruthófar timpeallacht shábháilte agus fháilteach inar féidir le gach duine páirt a ghlacadh agus barr a gcumais a bhaint amach.

Is é seo a leanas an Plean Straitéiseach agus Gnímh CÉC uasdátaithe: Foilsíodh na nithe a dtabharfar tús áite dóibh ó 2021-2024 i mí Bealtaine 2022. Leagann an straitéis CÉC ár ngealltanas agus spriocanna amach i leith an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe agus na gníomhartha a bhfuil gá leo leis na spriocanna sin a bhaint amach. gealltanas nuair a forbraíodh an chéad Straitéis CÉC ag an Ollscoil in 2018 i leith athbhreithnithe eatramaigh a dhéanamh lena chinntiú go raibh sí fós ailínithe le straitéis nua na hOllscoile.

D'fhéach an t-athbhreithniú sin freisin ar aon bhearna agus nithe ar cheart tús áite a thabhairt dóibh a aithníodh trí fhócasghrúpaí le grúpa CÉC na hOllscoile, trí dhul i mbun comhairliúcháin le fostaithe UCD trí shuirbhé CÉC agus trí rannpháirtíocht bungheallsealbhóirí. Tá buntábhacht le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a bhaint amach ar mhaithe le rath na hOllscoile.

## Tiomantas Leanúnach d'Athrú Cultúrtha

Tógann an straitéis ar obair iontach a rinneadh cheana ar fud na hOllscoile amhail an obair seo a leanas: creidiúnuithe Athena SWAN ag leibhéil institiúide agus scoile, polasaithe nua maidir le dínit agus meas agus creatlach thacaíochta, gníomhaíochtaí comhionannais chine agus eitnigh lena n-áirítear feachtas frithchiníochais an-infheicthe, saothar seachtrach comhpháirteachais agus comhoibríoch le hinstitiúidí ardoideachais eile ar nós an togra dualgais earnáil phoiblí, forbairt chláir thraenála agus fheasachta CÉC amhail an clár um CÉC san Ard-Oideachas agus Clár Comhpháirtíochta Dáimhe maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachais. Ag croílár an phlean uaillmhianaigh sin tá an sprioc athrú cultúrtha a bhaint amach ar fud na hOllscoile, sprioc a mbeidh tiomantas leanúnach na mac léinn agus na bhfostaithe uaithi le prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a spreagadh agus iad a chur i bhfeidhm sna imeachtaí laethúla againn mar phobal. Déanfaimid machnamh rialta ar ár ngníomhaíochtaí agus beimid oscailte agus soiléir faoi na hathruithe a mbeidh tionchar mór acu ar fhostaithe nó mic léinn.

# Aimsigh UCD



Is stór iontach litríochta agus smaointí dúchasacha é **an Cnuasach Béaloideas Éireann** ag UCD: a léiríonn crionnacht, greann agus ceardúlacht shamhlaíoch. Taifead ó 1947 do stair bhéil an Chiarraígh Liam Stac atá sa phictiúr. Is é an bailitheoir allamuigh dothuirsithe Tadhg Ó Murchadha a thaifead an píosa seo - caomhnaítear 12,000 uair an chloig de thaifid mar seo inár gcnuasach.



Sheinn **Scoláirí Córúil UCD** in Carnegie Hall i Nua Eabhrac in 2019, tar éis dóibh trí albam mór a chur amach faoi Signum Records. Le hos cionn 5m éisteacht acu ar Spotify agus Apple Music, bhaineadar amach an 20ú áit i gcairteacha Billboard Classical i Meiriceá.

Ag spreagadh ETIM sa chéad ghlúin eile: Cuireann an mac léinn PhD UCD Amy Hassett an clár eolaíochta do leanaí 'Let's Find Out' i láthair le láithreoir eile. Léirítear an clár le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.



In 2017, d'óstáil UCD **Corn an Domhain i Rugbaí na mBan**, a craoladh go 115 tír ar fud an domhain. Tá an **staid Náisiúnta Haca** ar champas freisin, láthair thraenála Buaiteoirí Bonn Airgid Chorn an Domhain i Haca na mBan in 2018.



Spreagann agus tacaíonn **Acadamh Ad Astra UCD** le mic léinn a thaispeánann ardchumas ag caighdeán idirnáisiúnta i **gcuspóirí acadúla, sa spórt nó sna taibh-ealaíona**. Rinne ceithre lúthchleasaí Ad Astra UCD reatha ionadaíocht d'Éire ag Craobhchomórtais na hEorpa 2022, an 'fear is tapúla in Éirinn' ina measc, Israel Olatunde. I measc na n-alumnas tá Paul O'Donovan, Buaiteoir Bonn Óir agus Airgid (2020 agus 2016) agus Seaimpín Cúig Bhabhta sa Rámhaíocht Dhomhanda.



Tugann **Cumann Litríochta agus Staire UCD**, a bhfuil mic léinn i gceannas air, cuireadh d'fhigiúirí iomráiteacha teacht ar champas chun bualadh agus labhairt le mic léinn UCD. San áireamh sna daoine a fuair duais James Joyce an Chumainn roimhe seo tá: An tArdeaspag Desmond Tutu; Buaiteoir ghradam Nobel Seamus Heaney; an t-údar JK Rowling; coimisinéir na NA an Dr Alaa Murabit; buaiteoirí ghradam Nobel Kip Thorne agus Paul Krugman; agus láithreoir raidió Al Sharpton.




Bronnadh Duais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do Nuálaí na Todhchaí dar luach €500,000 ar an bhfoireann taighde Intleachta Saorga PREMie ó **Scoil na nEolaíochtaí Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD** agus Scoil an Leighis UCD mar aitheantas don chumas atá ag an ardán srathaithe riosca réamheaclaimsia atá cumhachtaithe ag IS **tionchar tarrthála a bheith aige ar shaolta leanaí agus máithreacha**.




Cuireadh tús le **MA Acadamh CNN UCD**, a cuireadh tús leis in 2021, san Iriseoireacht agus Gnóthaí Idirnáisiúnta is clár iarchéime uile domhanda é. Tugann sé traenáil iriseoireachta atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda le chéile le saineolas acadúil i ngnóthaí idirnáisiúnta ó Institiúid Clinton UCD.




Tá Baile Átha Cliath ainmnithe ina Cathair Litríochta UNESCO ó 2010. Is tionscadal comhpháirteach é **Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI)** idir UCD, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Fáilte Éireann. Suite ar Fhaiche Stiabhna, tá MoLI suite i dTeach Newman UCD, an áit ar thosaigh UCD agus an áit a rinne scríbhneoirí Éireannacha ar nós James Joyce, Maeve Binchy agus Kate O'Brien staidéar tráth.






Le ceanncheathrú in Nova UCD, is é **Manna** an chéad ardán seachadta dróin gnólacht le gnólacht a úsáidfear 'mar sheirbhís' ag leibhéal eitlíochta ar domhan. Fostaíonn sé os cionn 100 duine agus tá €30 milliún bailithe aige go dtí seo agus pleananna aige leathnú chuig SAM agus an Eoraip faoi 2023. Is é an aidhm aige ná seachadtaí fo-uirbeacha chomh tapa le splanc a dhéanamh go hinacmhainneach, go glas agus go sábháilte.



Is é **Lárionad do Sheandálaíocht Thrialach agus Cultúr Ábhartha UCD**, a bunaíodh in 2012, ceann de na t-aon saoráidí ar champas ar domhan a dearadh go sonrach agus atá tiomnaithe do sheandálaíocht thrialach agus staidéir ar chultúir ábhartha. Tacaíonn sé le tionscadail taighde, teagasc nuálach, agus gníomhaíochtaí for-rochtana poiblí.


Chuaigh **UCD AFC**, Club Sacair do mhic léinn a théann in iomaíocht i bPríomhroinn Shraith na hÉireann, **i gcomhpháirt le carthanas meabhairshláinte na hóige JIGSAW** agus le hAontas na Mac Léinn chun aird níos mó a tharraingt agus maoiniú a ardú don charthanas.




Tá **Feirm Lyons UCD**, 250 heictéar i méid, uathúil i measc na n-ollscoileanna in Éirinn: tugann sé rochtain do mhic léinn agus acadóirí ar ainmhithe móra agus fiontair bharr le cláir teagaisc agus taighde a sholáthar; tá saoráidí ar an bhfeirm a thacaíonn le deontais thaighde ghníomhacha os cionn €20 milliún.



# Aimsigh UCD



Chuaigh Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD i gcomhpháirt le Músaem Litríochta na hÉireann agus leis an gClár Leabharlainne don Teastas Sóisearach - Clár Scoile le **ceardlanna filíochta** óige a eascú. Bhí dán comhoibríoch mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht sin, a ghrean Ealaíontóir Cónaithe UCD Emer O'Boyle in earrphlátaí an 2U CubeSat EIRSAT-1. Tacaithe ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, **is é EIRSAT-1 an chéad satailít in Éirinn**: dhear agus thóg foireann de mhic léinn agus foireann UCD í agus d'oibrigh na foirne sin uirthi freisin.



Cuireadh Signatories i láthair i bPríosún Chill Mhaighneann in earrach 2016. Is príomh-mhír amharclannach é Signatories atá mar pháirt do chlár **Dheich mBliana de Chomóradh Céad Bliain UCD** . Is sraith de mhonalóga é ina gcuireann ochtar scríbhneoir Éireannach na tuairimí is doimhne den seachtar sínitheoir agus an tAltra Elizabeth O'Farrell i láthair.

Cosc ar an gcoireacht chomhaimsearach: Thraenáil Céim Mháistreachta fhorfheidhmiú an dlí UCD ar líne i Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Imscrúdú Cibearchoireacht oifigigh shinsearacha in **Interpol, Europol, ECAT agus sna Náisiúin Aontaithe.**



Ba iad na céimithe UCD agus buaiteoirí dhuais RIBA, beirt ailtire atá ina n-ollúna taca in UCD, Yvonne Farrell agus Shelley McNamara a bhí mar **na chéad ailtirí Éireannacha a roghnaíodh mar léiritheoirí La Biennale di Venezia in 2018.**



Baineann mic léinn na ndisciplíní eolaíochtaí sláinte in UCD tairbhe as cleachtas cliniciúil sa **líonra ospidéil theagaisc is mó in Éirinn** lena n-áirítear ospidéil ghéarchúraim, phéidiatracha, mháithreachais agus shainchúraim.




Bronnadh **Duais Alumnas UCD** ar an Máistir ar Shláinte Poiblí (1992), an Dr Mike Ryan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chlár Éigeandálacha Sláinte an EDS, in 2021 mar aitheantas ar an rannchuidiú thar na blianta fada i réimse an riosca sláinte, a cheannaireacht i rith phaindéim COVID-19 san áireamh.



Tá saoráidí a bhfuil ar a gcumas aon dáil aeráide agus atmaisféir ar domhan a ionsamhlú i **Stáisiún um Thaighde Comhshaoil Chnocán na Rós UCD** ar champas Belfield: is éard atá i gceist ansin ná aon bhail stairiúil, faoi láthair nó sa todhchaí. Agus anailís á dhéanamh ar an stair, tá an taighde sin á úsáid chun tionchar na hathraithe aeráide ar an talmhaíocht a thuar.



Is í an tOllamh Fealsúnachta Maria Baghramian atá i gceannas ar an tionscadal atá maoinithe ag Fís AE 2020 **PERITIA - Policy Expertise and Trust in Action**, tionscadal a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le saoránaigh agus lucht déanta beartas muinín a bheith acu san eolaíocht agus saineolas iontaofa a aithint.




Mar pháirt den tionscnamh Cuimhní Fileata **a bhfuil Leabharlann UCD i gceannas air, cuireadh tús le suiteán Júcbhosca Filíochta** i bhFaiche Stiabhna, rud a ligeann do bhaill an phobail éisteacht le coimeádaíocht de 20 dán a bhaineann leis na hócáidí ar eascair an Saorstát agus an Cogadh Cathartha uathu.



Bhuaigh **Cumann Drámaíochta UCD** 9 as 12 gradam ag Duaiseanna Drámaíochta Mac Léinn na hÉireann i mbliana. Bunaíodh An Cumann Drámaíochta in 1927 agus tá spás amharclainne comhaimseartha ar leith aige ar champas. Áirítear an t-aisteoir Chris O'Dowd, an drámadóir Conor McPherson agus an stiúrthóir Jim Sheridan i measc a chuid ball.




Cuireann **an chomhpháirtíocht acadúil-pobail idir grúpa pobail Dhún Droma 2030 agus taighdeoirí UCD** i Scoil na Tíreolaíochta & Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil comhpháirteachas sóisialta chun cinn ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn áitiúil i dtreo **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** a bhaint amach agus tá sé mar aidhm aige freisin dul chun cinn den sórt sin a léiriú ar dheais idirghníomhach ar líne.



Do 'Lá na cruite' 2021, chruthaigh Aimsigh UCD **(scéim le rannpháirtíocht na hóige in ETIM a leathnú)** 'cruit léasair' i gcomhpháirt le Harp Éireann agus Intel.



D'oscail an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, **an tSeirbhís Tacaíochta do Dhínit agus Meas in UCD** go hoifigiúil i mí Bealtaine 2022, ag rá gur thóg UCD ceannaireacht láidir lena chinntiú gur áiteanna iad Institiúidí Ard-Oideachais nach nglacfaidh le bulaíocht, ciapadh, ciapadh gnéasach ná mí-iompar gnéis




Bunaíodh An Cumann Talmhaíochta in 1923 agus is é an cumann is mó in UCD é le **stair fhada do bheith ag bailiú suimeanna móra airgid ar chúiseanna maithe.** In 2022 bhronn sé dhá sheic dar luach iomlán €30,000 an ceann ar ionadaithe ó Hooves 4 Hospice agus ón Aerárthach Othar don Phobal in Éirinn.




Lóiste na hOllscoile UCD

# Ag cónaí i mBaile Átha Cliath

**Is cathair dhomhanda bheomhar agus príomhchathair ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh í Baile Átha Cliath.**

Le daonra de thart ar 1.3 milliún duine, is cathair fhíordhomhanda í le caighdeán beatha iontach agus eispéireas acadúil agus cultúrtha a léiríonn luachanna comhaimseartha na hÉireann. Tá go leor staire ag baint le Baile Átha Cliath. Is croílár na cruthaitheachta agus an chultúir í le gníomhaíochtaí ealaíona, amharclannacha agus ceoil áitiúla bríomhara a bhfuil meas orthu ar fud an domhain. Meallann sí ealaíontóirí agus léiriúcháin idirnáisiúnta móra chuici freisin a shásadh formhór spéiseanna. Tá mórán suíomhanna i mBaile Átha Cliath a mheallann turasóirí go hÉireann, Ardeaglais Theampall Chríost, Ardeaglais Phádraig, Eaglais Ollscoile Newman, agus Músaem Litríochta na hÉireann ina measc. Tá eispéireas cuartaíochta Stóras Guinness anseo freisin agus, chomh maith leis sin, óstálann Baile Átha Cliath imeachtaí spóirt móra intíre agus idirnáisiúnta i bPáirc an Chrócaigh agus i Staid Aviva.

Toisc gur náisiún comhaimseartha a labhrann Béarla agus atá i gcroílár na hEorpa í, ceaptar gur tír iontach í Éire gnó a dhéanamh inti agus tá mórán cuideachtaí móra domhanda lonnaithe anseo; lena n-áirítear 8 as an 10 gcuideachta seirbhíse airgeadais is mó, 14 as an 15 cuideachta teicneolaíochta leighis is mó, an 5 chuideachta uathoibrithe tionsclaíoch is mó agus an 5 chuideachta bogearraí domhanda.

A bhuí le dearcadh dearfach, nuálaíoch, agus inoiriúnaithe Bhaile Átha Cliath, tá na healaíona, an cultúr agus na tionscail chruthaitheacha mar pháirt ríthábhachtach de gheilleagar na cathrach. Comhlánaithe ag cnuasaigh suntasacha de chuideachtaí teicneolaíochta, cógais agus seirbhíse airgeadais, tá roinnt de na corparáidí ilnáisiúnta is mó ar domhan ó thaobh an tionchair de i mBaile Átha Cliath.

A bhuí le méid dhlúth na cathrach agus a suíomh ar an gcósta thoir, tá tírdhreach álainn na sléibhte ar thaobh amháin agus radharc na farraige ar an dtaobh eile. Is féidir le turas tapa tú a thabhairt lasmuigh den saol uirbeach agus isteach in aer úr agus comhshaol suaimhneach nádúrtha Bhaile Átha Cliath.

Tá príomhchampas UCD Belfield lonnaithe i bhfearann páirce álainn heictéar i méid agus 6km ó lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá raon leathan áiseanna acadúla, taighde, spóirt, fóillíochta, agus cónaithe ar an láthair ar an gcampas neamhspleách. Tá Scoil Chéimithe agus Ghnó Michael Smurfit UCD suite i measc foirgneamh stairiúil i mbaile cósta na Carraige Duibhe i mBaile Átha Cliath. Tá Feirm Lyons UCD, feirm taighde agus teagaisc, suite ar an teorainn idir Baile Átha Cliath agus Cill Dara.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Éirinn agus ar Bhaile Átha Cliath, tabhair cuairt ar:

www.idaireland.com

www.enterprise-ireland.com

www.Dublin.ie



# Próifíl an Róil

Tá UCD ar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan ó thaobh an taighde de: idir an oideachas fochéime, na céimeanna máistreachta agus an oiliúint PhD, an taighde, an nuálaíocht, an tionchar agus an comhpháirteachas sa phobal, bíonn cúrsaí ag síorathrú anseo.

Cuireann an tÚdarás Rialaithe fáilte roimh iarratais do phost an Uachtaráin/ an Phríomhoifigigh, ó dhuine as cuimse leis an treallús agus uaillmhian acu an ollscoil dhomhanda seo a bhfuil ag iarraidh a bheith i mbarr a fheabhais a thabhairt chun cinn ina hiarrachtaí.

## An Ról

I gcomhréir le hAcht na nOllscoileanna, 1997 (arna leasú), agus le forálacha Reacht 25 an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a leagan amach ról agus údarás an Uachtaráin:

- Príomhoifigeach na hOllscoile agus ball den Údarás Rialaithe is ea an tUachtarán.
- Bainisteoidh agus stiúrfaidh an tUachtarán, faoi réir an Achta, an Ollscoil ina gníomhaíochtaí acadúla, riaracháin, airgeadais, pearsanra agus eile agus, chun na gcríoch sin, tá cumhachtaí ag an Uachtarán atá riachtanach nó oiriúnach.

Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: Reachtanna na hOllscoile

### Ceannasaíocht Straitéiseach

- Ceannaireacht fhuinniúil, chomhoibríoch a chur ar fáil do na mic léinn agus don fhoireann agus do phobal na hOllscoile, ag cinntiú go dtéann UCD ar aghaidh mar phríomhollscoil le dearcadh domhanda.
- Bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar fhorfheidhmiú na straitéise uaillmhianaí, aislingí. Cuireann an straitéis sin le forbairt leanúnach inbhuanaitheach na hÉireann, agus leis an tionchar agus an éifeacht ar bhonn domhanda.
- Fís agus misean sainiúla comhroinnte UCD, agus a ról i dtodhchaí an ardoideachais, a chruthú agus a chur in iúl. Tá tiomantas do bharr feabhais ar leibhéal domhanda mar bhonn faoin bhfís agus faoin misean sin.

### Ceannaireacht Acadúil

- Próifíl taighde na hOllscoile a fheabhsú trí na láidreachtaí taighde reatha a fhorbairt níos mó thar raon leathan disciplín, agus deiseanna taighde nua atá ag teacht chun cinn a aithint agus a spreagadh.
- Bheith i gceannas ar fhorbairt níos mó ar an nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim, nuálaíochtaí teicneolaíochta san áireamh, leis an dearcadh eispéireas foghlama na mac léinn agus iomaíochas a gcuid cúrsaí a fheabhsú, ag cinntiú go leanann barr feabhais UCD ar aghaidh.
- Cinntiú go bhfanann UCD ina phríomhshuíomh do mhic léinn fochéime agus iarchéime, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, i ngach disciplín.
- Bheith tiomanta go láidir do luachanna agus prionsabail oideachais, lena n-áirítear saoirse acadúil, cothromaíocht mhaith de ghlantaighde agus an taighde feidhmeach, agus an ról tábhachtach a imríonn ollscoileanna sa tsochaí.

# Próifíl an Róil

## Ag Tabhairt Tacaíochta don Fhoireann agus do Mhic Léinn

- Cultúr oscailte agus cultúr den chumhachtú a spreagadh, agus dea-shampla a thabhairt de san Ollscoil agus sa phobal, ag cinntiú go bhfuil tosaíocht straitéiseach ag sláinte na foirne agus na mac léinn.
- Coincheapa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a athshamhlóidh an eispéireas ar champas don teagasc agus foghlaim, agus d'eispéireas na mac léinn, sa domhan tar éis na paindéime.

## Clú na hOllscoile a Thógáil (Comhpháirteachas Seachtrach)

- Bheith mar ambasadóir sofheicthe, rannpháirteach, áititheach do UCD, a éachtaí, a rannchuidiú, agus a thosaíochtaí, ag cur na hOllscoile chun cinn go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Dul i gcion agus ionadaíocht a dhéanamh ar son na hOllscoile agus na hearnála maidir le fadhbanna agus polasaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta tábhachtacha.
- Leanúint de nascanna domhanda UCD a thógáil mar aon lena chlú maidir le barr feabhais sa taighde, nuálaíocht agus tionchar, teagasc, agus in eispéireas na mac léinn.






## Caidrimh

- Oibriú leis an Údarás Rialaithe, an fhoireann agus na mic léinn leis an ról dearfach atá ag pobal champas UCD a láidriú le fís agus misean sainiúla na hollscoile a thabhairt i gcrích.
- Caidrimh agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothabháil agus a fhorbairt, lena n-áirítear an Rialtas, agus príomhpháirtithe rialacháin agus maoinithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Dul i dteagmháil le líonra alumnais UCD go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le tacaíocht a thabhairt don Ollscoil.

## CÉC

- Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn go hinmheánach agus go seachtrach agus comhpháirteachas gníomhach san Ollscoil a chinntiú le dul i ngleic le héagrothroime.
- Leanúint de chlár oibre rathúil Rochtain UCD a thiomáint, comhpháirtíocht le scoileanna agus coláistí san áireamh.

## Oibríochtaí agus Airgeadas

- Forbairt na hOllscoile a thabhairt chun cinn agus inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú trí shruthanna maoinithe éagsúla a fhás, maoiniú rialtais, gníomhaíocht thráchtála agus daonchairdeas a uasmhéadú.
- Oibriú in éineacht le Fondúireacht UCD chun caidrimh daonchairdiúla a fhorbairt agus a chothú ar mhaithe leis an Ollscoil.
- Leanúint de Phlean Forbartha Champas UCD atá ar scála mór a thabhairt i gcrích.

# Próifíl an Iarrthóra



## Scileanna agus Taithí

### Creidiúnacht Acadúil

- Tá sé léirithe arís agus arís agat go bhfuil scileanna céimiúla acadúla agat sa taighde agus teagasc agus sa chumas bheith i gceannas ar phobal de mhic léinn.
- Tá tuiscint agat ar an tslí ar féidir leis an Ollscoil leanúint dá cultúr a fhorbairt chun barr feabhais sa taighde a bhaint amach i ngach réimse acadúil, agus sinn ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin réigiúnacha, náisiúnta agus dhomhanda.
- Tá tú tiomanta don bharr feabhais san oideachas agus dá spriocanna eispéireas suntasach na mac léinn a bhaint amach.

### Ceannasaíocht Straitéiseach

- Tá sé léirithe arís agus arís agat i slí shármhaith go bhfuil ceannaireacht straitéiseach, dinimiciúil, chomhoibríoch agat ar leibhéal sinsearach in ollscoil atá dian ar thaighde, nó i dtimpeallacht mhór choimpléasc eile.
- Tá scileanna cumarsáide láidre agat leis an gcumas cultúr an chomhpháirteachais, an chomhoibrithe, agus na cruthaitheachta a chur chun cinn agus an fhoireann a spreagadh chun uaillmhianta UCD a roinnt agus cur lena rathúlacht.

### Ag Tabhairt Tacaíochta don Fhoireann agus do Mhic Léinn

- Tá sé léirithe agat go bhfuil sé ar do chumas éisteacht go gníomhach agus go dearfach le foireann agus na mic léinn fochéime agus iarchéime agus bheith i dteagmháil leo.

### Tuiscint ar Thimpeallacht Sheachtrach

- Tá taithí agat ar ról ceannaireachta a ghlacadh a chuireann eolas in iúl do dhaoine ar dhéantús beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhaithe leis an earnáil agus tá an chreidiúnacht, tiomantas agus fís agat bheith i d'urlabhraí do UCD i dtimpeallacht mar sin.
- Tá sé léirithe agat arís agus arís gur féidir leat caidrimh chomhoibríocha a fhorbairt leis na hearnálacha ardoideachais, poiblí, príobháideacha agus neamhbhrabúis ar mhaithe leis an Ollscoil

### CÉC

- Tá taithí léirithe agat ar cheannaireacht a thógáil ar chomhionannas agus cothromas a chur chun cinn ag gach leibhéal, agus tá taithí agat ar bheith tiomanta go láidir do thograí a thabhairt i gcrích go rathúil a chuirfidh feabhas ar an gcothromas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn sa chiall is leithne.
- Tá luachanna agat a ailíníonn le misean UCD an Dínit agus an Meas a chur chun cinn.

### Rialachas

- Tá tú tiomanta go láidir do gach gné den rialachas agus den bhainistíocht go háirithe sa tslí a bhaineann siad sin leis an ardoideachas nó le hinstitiúidí san earnáil phoiblí.
- Tá tú ábalta struchtúir agus próisis thrédhearcacha a chruthú atá deartha i slí a dhéanann measúnú ar riosca agus a chinntíonn freagracht, freagrúlacht, cumhachtú agus rannpháirtíocht, in eagraíocht mhór, choimpléasc.

### Oibríochtaí agus Airgeadas

- Tá taithí agat ar acmhainní airgeadais agus daonna suntasacha a bhainistiú in eagraíocht mhór agus choimpléasc.

## Cáilíochtaí pearsanta

- Tá sé léirithe agat go bhfuil sé ar do chumas smaoineamh go straitéiseach ar ardleibhéil, agus go bhfuil sé ar do chumas a chinntiú go gcuirtear spriocanna agus cuspóirí na hOllscoile i gcrích go héifeachtach.
- Tá an chreidiúnacht, tiomantas, agus uaillmhian agat láithreacht na hOllscoile a mhéadú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Tá ionracas agus ionbhá fhollasach agat, mar aon le scileanna idirphearsanta, cumarsáide agus tionchair láidre, tarraingteacha.
- Tá scileanna ceannaireachta sármhaithe agat agus tá sé ar do chumas fís a chur in iúl go hinmheánach agus go seachtrach i slí a chruthaíonn timpeallacht a chinntíonn go bhfuil cúram ag an bhfoireann agus na mic léinn agus go bhfuil páirt agus guth acu i gcúrsaí na hOllscoile.
- Tá cur chuige ionchuimsitheach ach deimhneach agat i dtreo bainistíochta. Is féidir leat tacaíocht a fháil ó chomhghleacaithe ar fud na heagraíochta chomh maith le hionadaithe eile ón tsochaí a bhfuil cúram acu le UCD.
- Tá sé ar do chumas a bheith acmhainneach agus solúbtha i dtréimhse athraitheach, neamhchinnte sa timpeallacht sheachtrach.

# Téarmaí agus Coinníollacha don Cheapachán

- €235,294 sa bhliain a bheidh sa tuarastal (€223,529 sa bhliain do dhuine ceaptha a chuaigh in Earnáil Phoiblí na hÉireann roimh 1995) ach féadfaidh an mhéid sin athrú ó am go ham i gcomhréir le beartas an Rialtais, ag féachaint do thuarascálacha an Choiste Athbhreithnithe ar Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí.
- Is ról inphinsin é ról an Uachtaráin i gcomhréir leis na téarmaí i Scéim Phinsin UCD iomchuí nó forálacha infheidhme eile.
- Is é 10 mbliana téarmaí an cheapacháin, faoi réir na haoise uasta scoir infheidhme agus beidh feidhm ag na rialacha a bhaineann leis an Scéim Phinsin ábhartha mar is iomchuí. Féadfaidh aois scoir éigeantach de 70 bliain a bheith mar thoradh air sin.
- Cuirtear lóistín ar fáil don Uachtarán i Lóiste na hOllscoile ar champas Belfield.
- Cuirfear pacáiste athlonnaithe ar fáil d'iarrthóirí a bheidh ag athlonnú.
- Leagfar téarmaí iomlána an cheapacháin amach sa Chomhaontú Seirbhíse a fhorghníomhófar idir an Ollscoil agus an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.





# Próiseas Ceapacháin & Conas Iarratasa Chur Isteach

Déanfar an tUachtarán a cheapadh i gcomhréir le hAcht na nOllscoileanna, 1997 (arna leasú), agus le forálacha Reacht 25 an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (arna leasú).

Tá próiseas cheapacháin an Uachtaráin ar fáil i gCaibidil 4 de Reacht na hOllscoile. Is féidir téacs iomlán an Reachta a fháil anseo Reachtanna na hOllscoile.

Tabharfaidh an gnólacht feidhmiúcháin cuardaigh Perrett Laver tacaíocht don ollscoil sa phróiseas ceapacháin seo. Má tá aon fhiosrúchán agat nó plé rúnda uait maidir leis an ról seo, le do thoil téigh i dteagmháil le ucdpresident@perrettlaver.com.

Ba cheart go gcuirfí curriculum vitae iomlán san iarratas a leagan amach cáilíochtaí agus taithí acadúla agus gairmiúla, stair fostaíochta iomlán ag léiriú na ról mór, na freagrachtaí a bhí i gceist, éachtaí iomchuí agus buiséid agus foireann a rinneadh bainistiú orthu.

Ba cheart go mbeadh litir chumhdaigh in éineacht leis an CV ag cur síos ar conas mar a chomhlíonann an t-iarrthóir na critéir a leagtar amach i sonraí an iarrthóra agus an fáth a bhfuil suim acu sa ról. Iarrtar ar an iarrthóir a bhfís féin don ról a leagan amach go hachomair.

Ba cheart iarratais chríochnaithe a uaslódáil chuig www.perrettlaver.com/campaigns/ucd-president ag lua thagairt **6012**.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná **12 meán lae Am Áitiúil na hÉireann, Dé hAoine an 21 Deireadh Fómhair 2022**.

Déanfar na hiarrthóirí a dhéanfaidh an Coiste Roghnóireachta fadliostú orthu a chur faoi agallamh don chéad bhabhta le Perrett Laver i mí na Samhna / mí na Nollag 2022.

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí a dhéanfar gearrliostú orthu dul faoi agallamh foirmeálta leis an gCoiste Roghnóireachta agus measúnuithe breise a dhéanamh lena n-áirítear measúnuithe síciméadracha ann i mí an Eanáir / mí na Feabhra 2023.

Déanfar an ceapachán a ainmniú faoi réir measúnachta leighis agus moltóirí sásúla. Tá sé i gceist go dtosóidh an duine a cheapfar ar an bpost faoi thús na bliana acadúla 2023/24.

University College Dublin
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ireland's Global University



Perrett Laver
AMERICAS ASIA PACIFIC EMEA

Svuít 416, The Greenway, Ardilaun Court
112-114 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, D02 TD28,
Poblacht na hÉireann
t: +353 (0) 1 905 3537